Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2022 (OR. en)**

**14982/22**

**EDUC 394**
**JEUN 171**
**DIGIT 217**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14147/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú leis an dea-bhail san oideachas digiteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 28 agus an Samhain 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú leis an dea-bhail san oideachas digiteach**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

I gCOMHTHÉACS AN MHÉID SEO A LEANAS:

1. An plé polaitiúil a rinneadh ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Göteborg in 2017, inar cuireadh i bhfios go láidir nach bhfuil bunscileanna digiteacha ag 44 % de mhuintir na hEorpa, go mbeidh scileanna agus inniúlachtaí digiteacha de dhíth le haghaidh 90 % de phoist amach anseo, agus go mbíonn deacrachtaí ag 40 % de chuideachtaí Eorpacha speisialtóirí TFC a earcú. Ar cheann de na smaointe a phléigh ceannairí na hEorpa ag an ócáid sin bhí tús a chur le machnamh a dhéanamh ar thodhchaí na foghlama, chun freagairt ar threochtaí amach anseo agus ar an réabhlóid dhigiteach, lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS).

2. An chéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, eadhon, go bhfuil an ceart ag cách ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ionchuimsitheach agus ar ardchaighdeán chun na scileanna atá acu a choinneáil agus chun scileanna nua a fháil a chuirfidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus athruithe ó phost go post sa mhargadh saothair a bhainistiú go rathúil.

3. An teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, ina gcuirtear i dtreis gur gá timpeallachtaí foghlama tacúla a chruthú do ghrúpaí atá i mbaol tearcghnóthachtála agus chun tacú leis an dea-bhail ar scoil.

4. An Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), ina gcuirtear i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an oideachas agus ag an oiliúint ó thaobh thodhchaí na hEorpa a mhúnlú, tráth a bhfuil sé riachtanach do shaoránaigh a bheith in ann teacht ar fhéin-chomhlíonadh agus dea-bhail phearsanta, a bheith ullamh chun oiriúnú agus feidhmiú i margadh saothair atá ag athrú agus chun páirt a ghlacadh i saoránacht ghníomhach fhreagrach.

5. An Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027), ina leagtar amach coincheap an éiceachórais oideachais dhigitigh ardfheidhmíochta agus ina gcuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt don saol laethúil.

6. An t-idirphlé struchtúrtha leanúnach leis na Ballstáit maidir leis an oideachas digiteach agus scileanna digiteacha, a sheol an Coimisiún in 2021, agus a chur chuige uile-rialtais maidir leis an oideachas digiteach.

7. Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, arb é is aidhm di eisiamh sóisialta a chosc agus a chomhrac agus comhionannas deiseanna a áirithiú trí rochtain shaor ar oideachas a ráthú do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. I ndáil leis an méid sin, cuirtear i dtreis sa Mholadh a thábhachtaí atá sé uirlisí oideachais digiteacha, nascacht ardluais, seirbhísí digiteacha agus trealamh leordhóthanach a sholáthar, chomh maith le scileanna digiteacha a fheabhsú agus dul i ngleic le gach cineál bearna digití.

8. An Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, ina léirítear gur gá bacainní inrochtaineachta ar dhaoine faoi mhíchumas a bhaint agus infheistíocht a dhéanamh ina gcuid scileanna digiteacha chun úsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha.

9. An Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile agus a chuirtear in ionad an Mholta ón gComhairle an 28 Meitheamh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú, arb é is aidhm dó torthaí oideachais níos fearr a chur chun cinn do gach Eorpach óg, gan beann ar a saintréithe pearsanta, a dteaghlach, a gcúlra cultúrtha agus socheacnamaíoch, agus cuirtear i bhfios go láidir gur gnéithe tábhachtacha de scoil rathúil iad an dea-bhail ar scoil agus sláinte coirp agus meabhairshláinte.

10. An grúpa saineolaithe neamhfhoirmiúil atá á bhunú faoi láthair ag an gCoimisiún chun timpeallachtaí foghlama tacúla a chur chun cinn le haghaidh grúpaí atá i mbaol na tearcghnóthachtála agus chun tacú leis an dea-bhail ar scoil.

11. An Moladh ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le cineálacha cur chuige foghlama cumaisc i gcomhair bunoideachas agus meánoideachas cuimsitheach ardcháilíochta, ina gcuirtear i dtreis a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt don dea-bhail (idir dhea-bhail choirp agus mheabhrach) agus ina moltar dea-bhail an fhoghlaimeora agus beartais frithbhulaíochta a áireamh i gcuspóirí scoile, chomh maith le béim níos mó a chur ar dhea-bhail agus ar cháilíocht saoil ghairmiúil na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí, na gceannairí scoile agus na mball foirne oideachais eile chun strus a mhaolú agus tnáitheadh a chosc.

12. An Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht, ina gcuirtear i dtábhacht beartais VET a oireann don gheilleagar digiteach.

13. Dearbhú Osnabrück maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chumasóir téarnaimh agus aistrithe córa chuig geilleagar digiteach agus geilleagar glas, arb é is aidhm dó digiteáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fhorbairt i gcultúr nua foghlama ar feadh an tsaoil.

14. Na conclúidí ón gComhairle maidir leis an oideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa, ina gcuirtear i bhfios go láidir gur cheart don oideachas digiteach dea-bhail na ngníomhaithe uile atá rannpháirteach sa phróiseas foghlama a chur san áireamh.

15. Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2021, ina ndírítear ar an dea-bhail san oideachas.

16. An Teachtaireacht ón gCoimisiún *A Digital Decade for children and youth: the new European strategy for a better internet for kids (BIK+)* [Deacáid Dhigiteach do leanaí agus don óige: an straitéis Eorpach nua maidir le hIdirlíon níos fearr do Leanaí (BIK+)], ina ndírítear ar dhea-bhail leanaí i dtimpeallachtaí ar líne a fheabhsú.

17. An 'Creat Inniúlachta Digití do Shaoránaigh' (DigComp 2.2) arna tháirgeadh ag an gCoimisiún, ina gcuirtear i dtábhacht an tsábháilteacht, e.g. i gcomhthéacs tacaíocht a thabhairt don dea-bhail agus don tsláinte chomh maith leis an gcibearbhulaíocht a thuiscint agus a chomhrac.

18. An Creat Eorpach maidir le hInniúlacht Dhigiteach Oideoirí (DigCompEdu), ina gcuirtear i dtreis a thábhachtaí atá bearta atá ceaptha chun dea-bhail fhisiciúil, shíceolaíoch agus shóisialta na bhfoghlaimeoirí a áirithiú agus teicneolaíochtaí digiteacha á n-úsáid.

AITHNÍONN SÍ:

19. Chun críocha na gconclúidí seo ón gComhairle, tuigtear gurb é atá i gceist le 'dea-bhail san oideachas digiteach' sásamh fisiciúil, cognaíoch, sóisialta agus mothúchánach a chuireann ar a gcumas do dhaoine páirt dhearfach a ghlacadh i ngach timpeallacht foghlama digití lena n-áirítear trí uirlisí agus modhanna oideachais agus oiliúna digiteacha a úsáid, a n-acmhainneacht a uasmhéadú agus barr a gcumais a bhaint amach agus a chuidíonn leo gníomhú go sábháilte ar líne agus a thacaíonn lena gcumhachtú i dtimpeallachtaí ar líne[1]. Dírítear sna conclúidí seo ón gComhairle ar an dea-bhail dhigiteach san oideachas agus san oiliúint agus tríothu, ar leibhéal na bunscoile agus ar leibhéal na meánscoile sóisearaí agus sinsearaí, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET).

[1] Is féidir dea-bhail chognaíoch a shainiú mar 'rannpháirtíocht rathúil foghlaimeoirí sa tsochaí i róil éagsúla — mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, mar oibrithe táirgiúla, mar shaoránaigh ghníomhacha'. Cumasaítear an rannpháirtíocht sin leis an eolas agus leis na hinniúlachtaí atá acu, i measc nithe eile. Is féidir an dea-bhail fhisiciúil a thuiscint mar leibhéal sláinte daoine aonair agus a n-acmhainneacht stíl shláintiúil mhaireachtála a bheith acu. Cumhdaíonn an dea-bhail shóisialta idirghníomhaíochtaí na bhfoghlaimeoirí le daoine eile, chomh maith leis an dearcadh atá acu ar an timpeallacht foghlama digití. Baineann dea-bhail shíceolaíoch leis na tuairimí agus na mothúcháin atá ag foghlaimeoirí faoina saol féin agus na cuspóirí pearsanta atá leagtha síos acu féin (Panesi, S., Bocconi, S. agus Ferlino, L., *Promoting Students' Well-Being and Inclusion in Schools Through Digital Technologies: Perceptions of Students, Teachers, and School Leaders in Italy Expressed Through SELFIE Piloting Activities*, Frontiers in Psychology, 2020).

20. Chun críocha na gconclúidí seo ón gComhairle, cumhdaítear leis an téarma 'foghlaimeoirí' na daltaí, na mic agus na hiníonacha léinn agus na printísigh go léir a fhreastalaíonn ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile sóisearaí agus sinsearaí de chórais oideachais fhoirmiúla tosaigh, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh (VET).

21. Chun críocha na gconclúidí seo ón gComhairle, cumhdaítear leis an téarma 'oideoirí' múinteoirí, ceannairí scoile, oiliúnóirí agus baill foirne oideolaíocha eile a bhfuil baint acu le foghlaimeoirí a mhúineadh ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile de chórais oideachais fhoirmiúla tosaigh, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh (VET).

22. Tá teicneolaíochtaí digiteacha tar éis athrú ó bhonn a dhéanamh ar na bealaí a bhfoghlaimíonn daoine, a n-oibríonn siad, a n-úsáideann siad faisnéis agus na bealaí a ndéanann siad cumarsáid. Leis an gclaochlú digiteach gabhann dúshláin agus deiseanna nua d'fhoghlaimeoirí agus imríonn sé tionchar ar a saol cognaíoch, fisiciúil, sóisialta agus mothúchánach.

23. Le paindéim COVID-19 agus leis an aistriú go cianteagasc agus cianfhoghlaim éigeandála ar líne tháinig iliomad dúshlán do thimpeallachtaí foghlama digiteacha. D'fhéadfadh an bealach inar fhreagair na córais oideachais dhigitigh agus oiliúna digití, lena n-áirítear foghlaimeoirí agus oideoirí agus gníomhaithe ábhartha eile, ar na dúshláin sin a bheith ina thaithí agus ina chleachtadh úsáideach maidir le cur chuige i leith na dea-bhaile san oideachas digiteach a fhorbairt.

24. Ba cheart go bhfeabhsódh oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta na deiseanna a ghabhann leis an gclaochlú digiteach chun tacú le dea-bhail na bhfoghlaimeoirí agus na n-oideoirí i dtimpeallachtaí foghlama digití. Ba cheart tacú leis an méid sin agus é a chothú, ar bhonn córasach, i ngach gné d'éiceachóras an oideachais dhigitigh[2].

---

[2] Cuimsíonn éiceachóras an oideachais dhigitigh bonneagar oideachais dhigitigh, nascacht agus trealamh (lena n-áirítear teicneolaíochtaí inrochtana agus cúnta); ábhar oideachais dhigitigh ar ardchaighdeán; foghlaimeoirí agus oideoirí a bhfuil an saineolas acu chun teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú sa phróiseas oideolaíoch; agus eolas, scileanna agus inniúlachtaí digiteacha agus dálaí a fhorbairt le haghaidh caidreamh idirphearsanta i dtimpeallachtaí foghlama digití.

25. Is próiseas dhá bhealach é dea-bhail na bhfoghlaimeoirí a threisiú i gcomhthéacs an oideachais dhigitigh. D’fhéadfadh roinnt dúshlán a bheith ag baint le timpeallachtaí digiteacha, lena n-áirítear i gcomhthéacs an oideachais dhigitigh, e.g. cibearbhulaíocht, rud a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar an dea-bhail, go háirithe mura ndéantar roinnt gnéithe de na timpeallachtaí sin a cheapadh go rómhaith nó mura ndéantar iad a úsáid i gceart. Os a choinne sin, is féidir le héiceachórais oideachais dhigitigh dhea-dheartha atá éifeachtach agus cuimsitheach forbairt dhea-bhail na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn agus feabhas a chur ar a n-ionchais oideachais, saoil agus oibre.

26. Is bagairt thromchúiseach í an deighilt dhigiteach don dea-bhail san oideachas digiteach agus san oiliúint dhigiteach d’fhoghlaimeoirí agus d’oideoirí araon, lena ndéantar neamhionannais atá ann cheana a threisiú go minic nó neamhionannais nua a chruthú. Ba cheart go mbeadh córais scoile ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil in ann freagairt d’aon fhadhbanna a bhaineann le rochtain easnamhach, trealamh neamhleor nó dálaí foghlama míshásúla a bhíonn le sárú ag foghlaimeoirí, go háirithe foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd a bhfuil dúshláin rompu a bhaineann leis an deighilt dhigiteach idir na hinscní.

27. Le samhlacha foghlama nua, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le húsáid uirlisí digiteacha inrochtana agus inaimsithe, cuirtear for-rochtain ar fáil d’fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd nach bhfuil in ann freastal ar scoil ar feadh seala mar gheall ar riocht sláinte, chomh maith le foghlaimeoirí atá ina gcónaí i gceantair atá scoite, oileánach nó iargúlta, amhail na réigiúin is forimeallaí san Aontas. Tacaítear leo freisin le spreagadh agus tiomantas níos láidre le go mbainfear tairbhe as eispéiris ar líne, agus in éineacht le cineálacha cur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, cabhraítear leis an deighilt dhigiteach a laghdú.

28. I bhfianaise na bhfoghlaimeoirí ó chúlra imirceach atá ann anois agus/nó na bhfoghlaimeoirí nach ionann a gcéad teanga agus teanga an teagaisc, is féidir le huirlisí digiteacha agus ábhar oideachais ar ardchaighdeán a bheith ina gcuidiú le leanúnachas a gcuid oideachais agus oiliúna a éascú, lena nasc lena dteanga agus lena gcultúr tionscnaimh a choinneáil agus le déileáil le heispéiris trámacha agus le dúshláin nua a d’fhéadfadh a bheith ann.

29. Ós rud é gur mó anois an rochtain ar thimpeallachtaí digiteacha agus gur minice iad á n-úsáid, bíonn foghlaimeoirí i mbaol níos mó fulaingthe ó bhagairtí sa saol digiteach e.g. cibearbhulaíocht agus/nó leithlisiú. Ní mór iarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear oideachas ar fhoghlaimeoirí agus go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar oideoirí agus go gcomhoibreoidh siad le gairmithe ábhartha eile chun timpeallacht shábháilte foghlama digití a chur chun cinn i ndáiríre.

30. Ba cheart an bhéim ar an smaointeoireacht chriticiúil, ar litearthacht sna meáin agus ar litearthacht dhigiteach agus ar athléimneacht i leith na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise a neartú sna córais oideachais agus oiliúna, d'fhonn foghlaimeoirí a chumasú leis na scileanna is gá chun freagairt ar bhagairtí agus ar dhúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun eispéireas níos sábháilte agus níos dearfaí a chur ar fáil ar líne.

31. Tá ról tábhachtach, uathúil ag oideoirí, mar aon le baill foirne riaracháin agus bainistíochta maidir le forbairt timpeallachtaí oideachais agus oiliúna[3] agus maidir le tacú le dea-bhail na bhfoghlaimeoirí. Ba cheart dóibh a n-inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt agus a neartú agus feabhas a chur ar an eolas atá acu ar na tairbhí agus ar na dúshláin a bhaineann le huirlisí digiteacha a úsáid san oideachas agus san oiliúint e.g. mar chuid dá n-oideachas tosaigh, dá n-ionduchtú agus dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach, chomh maith lena thábhachtaí atá sé tarraingteacht fhorbairt scileanna TFC do chailíní a mhéadú *inter alia* trí chuir chuige atá íogair ó thaobh inscne de i leith inniúlachtaí a bhaineann leis an digitiú a theagasc.

32. Níl sé beartaithe go ngabhfadh teicneolaíochtaí digiteacha ionad na láithreachta fisiciúla ná ionad idirghníomhaíochtaí as líne idir oideoirí agus foghlaimeoirí. Is é is cuspóir do theicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú i bpróisis oideachais tacú le hobair na n-oideoirí agus í a éascú agus eispéireas foghlama na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú.

---

[3] Is féidir tionchar a bheith ag tosca éagsúla ar dhea-bhail ghinearálta na n-oideoirí, e.g. ualach oibre iomarcach, go meastar nach n-aithnítear gairm na múinteoireachta agus nach léirítear meas di, méideanna iomarcacha ranganna, easpa tacaíochta do scoileanna a bhfuil fadhbanna mí-iompair neamh-inbhainistithe i dtaca le daltaí acu, agus, i roinnt tíortha, cistiú neamhleor nó míchothrom (Viac, C. agus Fraser, P., *Teachers' well-being: A framework for data collection and analysis*, OECD Education Working Paper No. 213, OECD Publishing, Páras, 2020).

ADMHAÍONN SÍ AN MÉID A LEANAS:

Is féidir tacú le dea-bhail na bhfoghlaimeoirí agus na n-oideoirí i gcomhthéacs an oideachais dhigitigh agus na hoiliúna digití trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

## A. <u>Sealbhú an eolais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí is gá chun dea-bhail a chothú san oideachas digiteach agus san oiliúint dhigiteach</u>

33. Bíonn baint ag daoine aonair leis an timpeallacht dhigiteach ar fud a saol pearsanta, gairmiúil agus sibhialta. Trí eolas, scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt, féadfar tacú lena rathúnas mothúchánach agus lena sástacht agus féadfar a gcumas freagairt go hiomchuí ar na dúshláin agus ar na rioscaí a bhaineann leis an saol digiteach agus leis an saol fisiciúil araon a chothú.

34. Ba cheart beartais agus bearta a bhaineann le forbairt scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a cheapadh agus aird chuí á tabhairt ar dhea-bhail agus ar a riachtanais aonair, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Ba cheart dóibh a bheith dírithe freisin ar a dteacht aniar agus a gcumhachtú a mhéadú. Is éard atá i gceist le hinniúlacht dhigiteach[4] ná rannpháirtíocht mhuiníneach, chriticiúil, fhreagrach, eiticiúil agus rannpháirtíocht níos sábháilte le teicneolaíochtaí digiteacha. Tá gá le scileanna digiteacha amhail smaointeoireacht ríomhaireachta, réiteach fadhbanna TFC agus litearthacht sonraí le linn chéimeanna tosaigh an oideachais agus na hoiliúna agus ar bhonn fad saoil ionas gur féidir le daoine aonair lánpháirtiú, ar bhealach níos fearr, sa tsochaí agus rochtain níos fearr a bheith acu ar dheiseanna fostaíochta.

35. Bíonn tionchar ag teicneolaíochtaí digiteacha ar na bealaí ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí, ina lorgaíonn siad agus ina gcomhroinneann siad faisnéis agus ar an gcaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú le chéile agus ag bualadh le chéile. Bíonn réimse leathan faisnéise os comhair foghlaimeoirí, lena n-áirítear bréagaisnéis agus mífhaisnéis, agus dá bhrí sin, tá sé bunriachtanach go ndéanfaí an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht sna meáin, an smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna réitigh fadhbanna a fhorbairt.

---

[4] Féach, mar shampla, an Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Vuorikari, R., Kluzer, S., Punie, Y., *DigComp 2.2, The Digital Competence framework for citizens: with new examples of knowledge, skills and attitudes*, 2022 agus Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1).

36. Ba cheart d’fhoghlaimeoirí an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a shealbhú agus a fhorbairt lena rannchuideofar le húsáid neamhurchóideach, shábháilte agus eiticiúil uirlisí digiteacha, lena n-áirítear scileanna cibearshlándála agus eolas faoi theorainneacha na n-algartam intleachta saorga. D’fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige sin ar dhea-bhail agus ar theacht aniar na bhfoghlaimeoirí.

37. Trí inniúlacht phearsanta agus shóisialta a fhorbairt, d’fhéadfaí cabhrú le foghlaimeoirí úsáid a bhaint as líonraí sóisialta digiteacha ar bhealach inar lú an baol dóibh díobháil mhothúchánach nó shóisialta a dhéanamh agus a bhfeasacht ar na rioscaí a bhaineann le húsáid iomarcach teicneolaíochtaí digiteacha a mhéadú.

38. Ba cheart an deis a bheith ag foghlaimeoirí an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a shealbhú chun cur ar a gcumas ábhar digiteach a chruthú, a chomhroinnt agus a úsáid, agus ba cheart dóibh a bheith ar an eolas faoi na rialacha a bhaineann le maoin intleachtúil.

39. Tá ardscileanna agus sainscileanna ag teastáil chun táirgí agus seirbhísí TFC agus ardteicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt, lena n-áirítear iad siúd a bhféadfadh tionchar dearfach a bheith acu ar dhea-bhail daoine aonair, e.g. daoine faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

40. Ba cheart tacú le hoideoirí a gcuid eolais, scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a shealbhú agus a fhorbairt, e.g. mar chuid dá n-oideachas tosaigh, dá n-ionduchtú agus dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach, agus ba cheart sáreolas a bheith acu ar na tairbhí agus na dúshláin a bhaineann le huirlisí digiteacha a úsáid, agus faoi na deiseanna a eascraíonn as a n-úsáid, san oideachas agus san oiliúint. Ba cheart d’oideoirí tacú le foghlaimeoirí maidir leis an teicneolaíocht a úsáid ar bhealach sábháilte, freagrach agus cruthaitheach.

## B. **<u>Dearadh cur chuige teagaisc agus foghlama agus timpeallachtaí digiteacha a chuireann le dea-bhail na bhfoghlaimeoirí</u>**

41. Cuir chuige teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear modhanna teagaisc agus foghlama, agus gnéithe eagraíochtúla, ba cheart go gcuirfidís feabhas ar ábharthacht agus éifeachtacht an phróisis oideachais agus oiliúna chomh maith le sástacht agus féinmhuinín na bhfoghlaimeoirí i ngach timpeallacht foghlama. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht inrochtaineacht, sábháilteacht agus cáilíocht an bhonneagair dhigitigh agus na dteicneolaíochtaí digiteacha. Is féidir le forbairt agus úsáid ardteicneolaíochtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint a bheith tairbheach, go háirithe d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

42. Agus beartais oideachais dhigitigh á gceapadh, ba cheart na gnéithe seo a leanas a mheas:

- *na timpeallachtaí* ina dtarlaíonn an fhoghlaim, agus cúlra socheacnamaíoch, cultúrtha agus teaghlaigh na bhfoghlaimeoirí chomh maith le cúinsí ábhartha eile á gcur san áireamh.

- *na huirlisí agus na gléasanna a úsáidtear,* agus a n-úsáid a chur in oiriúint do riachtanais aonair na bhfoghlaimeoirí (de réir, mar shampla, a reachta sláinte, a riachtanas speisialta oideachais agus a gcúlra shocheacnamaíoch):

  – Ba cheart d'éiceachórais an oideachais dhigitigh tacú leis an obair trí bhíthin uirlisí nuálacha oideachais, lena bhféadfaí cluichiú, réitigh oideachais atá bunaithe ar, mar shampla, theicneolaíochtaí réaltachta leathnaithe amhail réaltacht bhreisithe/fhíorúil, IS, anailísíocht foghlama agus líonraí sóisialta a áireamh, lena n-urramaítear cur chuige eiticiúil agus trédhearcach, príobháideachas sonraí agus neamh-idirdhealú trí dhearadh, agus tairbhí agus rioscaí féideartha á gcur san áireamh[5].

[5] Áirítear orthu sin, mar shampla, andúil ar an idirlíon, am iomarcach ar scáileán, neamhoird chluichíochta agus saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte amhail iompraíocht neamhghníomhach a mbíonn otracht mar thoradh air.

- Ba cheart na réitigh dhigiteacha a cheapadh chun go ndéanfaí inoiriúnaitheacht do chríocha an oideachais dhigitigh a chumasú agus a spreagadh agus cúlraí agus riachtanais éagsúla gach duine aonair a urramú, go háirithe foghlaimeoirí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. I gcás inarb ábhartha, ba cheart idir-inoibritheacht na réiteach digiteach a úsáidtear san oideachas agus san oiliúint a chur chun cinn.
- Le hardteicneolaíochtaí digiteacha speisialaithe (e.g. an intleacht shaorga, réaltacht bhreisithe/fhíorúil, idirlíon na rudaí nithiúla, leathchúplaí digiteacha, etc.), is féidir le hinrochtaineacht agus cáilíocht timpeallachtaí foghlama agus oiliúna a fheabhsú agus cuir chuige neamhdhigiteacha teagaisc agus foghlama a chomhlánú go sineirgisteach. Ach réitigh dhigiteacha nuálacha a chomhtháthú, is féidir scil na bhfoghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a chur chun cinn.
- D'fhéadfadh sé go dtógfadh úsáid teicneolaíochtaí digiteacha am a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí eile atá tairbheach don tsláinte, amhail aclaíocht fhisiceach nó codladh. Ba cheart, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir am ar scáileán agus am seachscáileáin agus ar bhainistiú ama.

• *na tascanna foghlama* a úsáidtear sa phróiseas oideachais chun na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach.
  - Úsáid a bhaint as ábhar oideachais dhigitigh ar ardchaighdeán atá deartha chun críche oideachais fhónta agus a chuirtear ar fáil ar bhealach nua-aimseartha, inrochtana atá éasca a úsáid[6].
  - Tacaíocht do chineálacha cur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, lena n-áirítear neamhspleáchas na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn.

• *oideoirí* ar cheart dóibh a bheith dea-oilte agus in ann treoir a thabhairt d'fhoghlaimeoirí maidir le húsáid iomchuí teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear am ar an scáileán agus am seachscáileáin a leithdháileadh go ciallmhar agus go cothrom. Tá oideoirí dea-oilte in ann sainiúlachtaí na dtimpeallachtaí foghlama digití éagsúla a chur san áireamh, oibriú le huirlisí digiteacha nuálacha agus le cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama agus iad a chur chun feidhme i gcomhthéacs oideolaíoch, agus na rioscaí a bhaineann le húsáid iomarcach teicneolaíochtaí digiteacha á gcur san áireamh.

---

6 Maidir le hábhar oideachasúil, d'fhéadfadh Creat an Choimisiúin um Ábhar an Oideachais Dhigitigh atá ar na bacáin treoir úsáideach a chur ar fáil.

## C. An caidreamh idirphearsanta san éiceachóras oideachais dhigitigh

43. Tá éiceachórais an oideachais dhigitigh bunaithe ní hamháin ar bhonneagar digiteach agus ar uirlisí digiteacha agus ar ábhar digiteach, ach lena chois sin ar idirghníomhaíochtaí sóisialta idir na daoine aonair lena mbaineann — i.e. na foghlaimeoirí, na hoideoirí agus gníomhaithe eile a úsáideann modhanna teicneolaíochta le haghaidh cumarsáide agus chun ábhar agus líonraí a chruthú – agus ar a dtimpeallachtaí fisiciúla agus sóisialta. Tá sé ríthábhachtach na hidirghníomhaíochtaí sóisialta sin a chur san áireamh agus éiceachórais oideachais dhigitigh á ndearadh.

44. Leis an dul chun cinn teicneolaíoch, tá athrú tagtha ar na cineálacha cumarsáide agus tá deiseanna nua ann don chumhachtú, don fhéinléiriú agus don tsaoránacht dhigiteach[7], lena n-áirítear rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí trí uirlisí ar líne.

---

[7] De réir Chomhairle na hEorpa, 'is saoránach digiteach é duine atá ábalta, tríd an réimse leathan inniúlachtaí atá á bhforbairt aige, a bheith rannpháirteach go dearfach freagrach i bpobail ar líne agus as líne, bíodh sé sin ar bhonn áitiúil, náisiúnta nó domhanda' (Richardson, J., Milovidov, E., *Digital citizenship education handbook: being online, well-being online, rights online*, Comhairle na hEorpa, 2019).

45. Is féidir le hidirghníomhaíochtaí digiteacha cabhrú chun scileanna sóisialta a fhorbairt agus naisc shóisialta a neartú. Mar sin féin, is féidir le foghlaimeoirí agus oideoirí a bheith neamhchosanta freisin ar rioscaí digiteacha[8] (amhail cibearbhulaíocht, fuathchaint, bréagnuacht, sáruithe príobháideachta, calaoisí ar líne, bothanna macalla[9] etc.)[10] a bhíonn díobhálach dá ndea-bhail[11]. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh foghlaimeoirí, oideoirí agus tuismitheoirí ar an eolas faoi raon feidhme agus éagsúlacht na rioscaí sin agus go mbeadh a fhios acu conas iad a sheachaint agus/nó iad a chosc, cá bhfaighidh siad tacaíocht agus conas teacht aniar a chothú. Tá sé tábhachtach freisin idirghníomhaíochtaí a úsáid chomh maith le cuir chuige teagaisc agus foghlama i dtimpeallachtaí foghlama digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí digiteacha.

46. Ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna agus do scoileanna féachaint ar bhealaí chun an dea-bhail a neartú san oideachas digiteach, feasacht ar rioscaí digiteacha a chur chun cinn mar aon le beartais scoile uile, lena n-áirítear nósanna imeachta scoile de chineál eagraíochtúil, tacú le timpeallachtaí sábháilte oideachais dhigitigh agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le rioscaí digiteacha.

---

[8] Is féidir nasc a bheith ag rioscaí digiteacha, e.g. le húsáid iomarcach nó mhíchuí teicneolaíochtaí digiteacha nó le hidirghníomhaíocht foghlaimeoirí leis an saol digiteach.

[9] 'Tagraíonn an téarma 'both macalla' do chásanna sna meáin shóisialta agus i bpléghrúpaí ar líne ina ndéantar creidimh a mhéadú nó a threisiú trí chumarsáid agus athrá laistigh de chóras dúnta inslithe. De ghnáth, faigheann rannpháirtithe faisnéis a threisíonn a gcuid tuairimí reatha gan tuairimí malartacha a chluinstin' (Vuorikari, R., Kluzer, S. agus Punie, Y., *DigComp 2.2*: *The Digital Competence Framework for Citizens - With new examples of knowledge, skills and attitudes*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022).

[10] Tugtar sainmhíniú ar thípeolaíocht rioscaí i staidéar 2019 de chuid ECFE: rioscaí teagmhála, rioscaí ábhair, rioscaí príobháideachais agus rioscaí do thomhaltóirí (Burns, T., Gottschalk, F. (eagarthóirí), *Educating 21st Century Children: Emotional Well-being in the Digital Age, Educational Research and Innovation*, OECD Publishing, Páras, 2019).

[11] Mar shampla, is féidir leis an gcibearbhulaíocht a bheith níos díobhálaí ná gnáthchineálacha bulaíochta toisc go ndéantar an náiriú a leathnú chuig lucht féachana mór ar líne, agus is féidir focail agus íomhánna fanacht sa timpeallacht ar líne ar feadh tréimhse éiginnte.

47. Is féidir le comparáidí sóisialta a chothaítear sa domhan ar líne tionchar diúltach a imirt ar an meabhairshláinte agus ar an bhféinmheas, go háirithe i gcás déagóirí. Is féidir ábhar imní maidir le híomhá choirp na bhfoghlaimeoirí agus coimhthíos sóisialta a spreagadh nó a threisiú má thaispeántar 'íomhánna idéalacha' dóibh ar na meáin shóisialta. Tá baint ag úsáid na meán sóisialta ar líne freisin leis an bhfeiniméan ar a dtugtar FOMO - an faitíos go bhfuil deis chairdeasaíochta á cailleadh. Ba cheart d'oideoirí laistigh de thimpeallachtaí foghlama digití a bheith ar an eolas faoi na rioscaí sin, feasacht a mhúscailt faoi thionchair dhiúltacha na bhfeiniméan sin agus aghaidh a thabhairt orthu agus forbairt scileanna i measc foghlaimeoirí a chur chun cinn chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

48. Ba cheart d'oideoirí tacú le spreagadh foghlaimeoirí chun foghlama agus chun a lánacmhainneacht a fhorbairt, rud a chuideoidh leo éirí ina ndaoine comhleanúnacha aibí a bheidh ar an eolas faoina láidreachtaí, laigí, spriocanna saoil agus mianta, agus a mbeidh féiníomhá dhearfach acu, agus daoine eile agus a riachtanais aonair á n-urramú acu ag an am céanna. Is gné lárnach den dea-bhail san oideachas digiteach í an iompraíocht sin.

49. Ba cheart tuistiú digiteach ciallmhar agus timpeallacht thacúil teaghlaigh a bheith mar chuid d'éiceachóras oideachais dhigitigh, agus cúlra an teaghlaigh á chur san áireamh ag an am céanna. Ba cheart do scoileanna a bheith ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le cumarsáid agus comhar le tuismitheoirí nó le cúramóirí maidir leis na deiseanna, na tairbhí agus na dúshláin a bhaineann leis an oideachas digiteach, chomh maith le rioscaí digiteacha agus an tábhacht a bhaineann le bainistiú ama agus uirlisí digiteacha á n-úsáid chun críoch oideachais agus oiliúna.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH I gCOMHRÉIR LENA nIMTHOSCA NÁISIÚNTA AGUS LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA

50. Béim a leagan ar dhea-bhail foghlaimeoirí agus oideoirí a neartú agus beartais agus straitéisí náisiúnta á gceapadh san oideachas digiteach;

51. An cleachtas a chothú go ndéarfaí próiseas teagaisc agus foghlama i bhfianaise a dtionchar ar dhea-bhail na bhfoghlaimeoirí agus, i gcás inarb ábhartha, go spreagfaí comhar láidir idir éiceachórais an oideachais dhigitigh agus an mheabhairshláinte agus gairmithe agus seirbhísí síceasóisialta;

52. Próisis teagaisc agus foghlama a spreagadh bunaithe ar chur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, e.g. trí ardteicneolaíochtaí digiteacha, úsáid eiticiúil IS agus sonraí a chomhtháthú[12], agus béim ar leith á leagan ar thacaíocht do dhea-bhail foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste agus dóibh siúd atá i gcásanna leochaileacha lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, chomh maith le foghlaimeoirí tréitheacha, agus ar dhul i ngleic leis an mbearna dhigiteach inscne;

53. Feasacht na bhfoghlaimeoirí agus na n-oideoirí a neartú faoina riachtanaí agus atá sé cothromaíocht mhaith a aimsiú idir am ar an scáileán agus am lasmuigh den scáileán, agus, i gcás inar féidir, tacú le scoileanna chun a gcuid ama a bhainistiú go cuí maidir le gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama ar líne agus as líne;

54. Féachaint ar bhealaí chun tacú le próisis teagaisc agus foghlama a dhearadh agus a chur chun feidhme agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid san oideachas agus san oiliúint chun comhtháthú i gcórais oideachais agus oiliúna na mBallstát a éascú i gcás foghlaimeoirí ó chúlra imirceach agus/nó ina gcás siúd nach ionann a gcéad teanga agus teanga an teagaisc, agus ag an am céanna a cheadú dóibh an dáimh lena máthairtheangacha agus lena gcultúir faoi seach a chothabháil;

---

**12** Is féidir breathnú ar na treoirlínte eiticiúla d'oideoirí maidir le húsáid na hintleachta saorga **(IS)** agus sonraí i dteagasc agus i bhfoghlaim, arna n-ullmhú ag an gCoimisiún, mar fhoinse úsáideach treorach agus tacaíochta i ndáil leis sin.

55. Tacú[13] le feasacht na bhfoghlaimeoirí ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann sa saol digiteach agus a dteacht aniar a fhorbairt chun na rioscaí a laghdú agus deiseanna sábháilte ar líne a chur ar fáil do dhaoine óga, agus ag an am céanna tacú le cosaint sonraí agus le príobháideachas ar líne;

56. Féachaint ar bhealaí chun tacú le hoideoirí smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht meán agus litearthacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn agus a bheith ag obair le sonraí agus faisnéis, lena n-áirítear cur chuige eolasach a bheith acu i leith na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise[14];

57. Scoileanna a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, chun cuir chuige uile-scoile a chur i bhfeidhm lena gcuirfí dea-bhail chun cinn go córasach san oideachas digiteach ar leibhéal na bunscoile, na meánscoile agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, lena n-áirítear beartais sholúbtha lena dtacófaí le cosc agus le teacht aniar agus lena dtabharfaí aghaidh ar dhúshláin amhail rioscaí digiteacha, chomh maith le nósanna imeachta eagraíochtúla scoileanna;

58. Féachaint an bhféadfaí leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le hionstraimí Eorpacha atá ann cheana (Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Erasmus+, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, etc.) chun beartais oideachais dhigitigh a chur chun cinn lena ndíreofar ar dhea-bhail na bhfoghlaimeoirí agus na n-oideoirí i dtimpeallachtaí foghlama digití.

---

13 Mar shampla tríd an líonra d'Ionaid d'Idirlíon Níos Sábháilte atá ann cheana féin sna Ballstáit, arna chómhaoiniú ag an Aontas, agus tríd an ardán betterinternetforkids.eu, an mol uile-Eorpach maidir le sábháilteacht leanaí ar líne, ar a bhfaightear ábhar do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus leanaí i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

14 Is féidir breathnú ar na treoirlínte do mhúinteoirí agus oideoirí maidir le dul i ngleic le bréagaisnéis agus maidir le litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus tríd an oiliúint, arna n-ullmhú ag an gCoimisiún, mar fhoinse úsáideach treorach agus tacaíochta i ndáil leis sin.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LEIS NA CONARTHAÍ AGUS LE LÁN-URRAIM Á TABHAIRT AR AN gCOIMHDEACHT, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

59. Tacú le taighde maidir le tionchar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ar dhea-bhail foghlaimeoirí agus oideoirí ar fud na mBallstát, agus staidéar fianaise-bhunaithe a tharraingt suas ar staid na himeartha maidir le riachtanais dea-bhaile i dtimpeallachtaí oideachais dhigitigh. Samhail a dhearadh le haghaidh cleachtais éifeachtúla darb aidhm feabhas a chur ar an dea-bhail in éiceachórais foghlama digití agus, ar deireadh thiar, ar chritéir maidir le 'samhail scoile na dea-bhaile digití' a d'fhéadfaí a úsáid i scoileanna mar shampla agus a d'fhéadfadh na Ballstáit a úsáid ar bhonn deonach. Agus an tsamhail sin á ceapadh, machnamh a dhéanamh ar an obair atá á déanamh ag grúpa saineolaithe neamhfhoirmiúil an Choimisiúin maidir le timpeallachtaí foghlama tacúla le haghaidh grúpaí atá i mbaol tearcghnóthachtála agus chun tacú leis an dea-bhail ar scoil, ar grúpa saineolaithe é atá á chur ar bun faoi láthair;

60. Forbairt agus comhroinnt ábhair ardcháilíochta a spreagadh d'oideoirí agus do ghairmithe ábhartha eile darb aidhm feabhas breise a chur ar a gcuid eolais, scileanna agus inniúlachtaí, a gcuid cuir chuige oideolaíocha foghlaimeoirdhírithe agus a gcuid oibre le grúpaí éagsúla foghlaimeoirí;

61. Machnamh a dhéanamh ar an dea-bhail a chur chun cinn san oideachas digiteach mar chuid den Haiceatón Oideachais Dhigitigh bliantúil;

62. Feasacht a mhúscailt i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha uile, e.g. dearthóirí uirlisí agus seirbhísí digiteacha, amhail earnáil theicneolaíocht an oideachais (EdTech) agus iad siúd atá dírithe ar an gcibearshlándáil, a bhfeasacht a mhúscailt maidir le cineálacha cur chuige soláimhsithe agus réitigh sholáimhsithe a chomhtháthú lena dtacófaí le dea-bhail na bhfoghlaimeoirí agus na n-oideoirí san oideachas digiteach. Feasacht a mhúscailt i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha uile a fhorbraíonn ábhar oideachais dhigitigh maidir le gné na dea-bhaile a chomhtháthú ní hamháin san ábhar féin ach sna próisis teagaisc agus foghlama freisin.

63. Tacú le húsáid chláir an Aontais, amhail Erasmus+, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Fís Eorpach agus an Clár don Eoraip Dhigiteach chun dea-bhail foghlaimeoirí agus oideoirí a chur chun cinn i dtimpeallachtaí foghlama digití agus chun úsáid ardteicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn, e.g. d’fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus/nó ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, chomh maith le forbairt, tástáil agus imscaradh an chluichithe, réitigh oideachais bunaithe ar IS, agus teicneolaíochtaí réaltachta leathnaithe amhail réaltacht bhreisithe/fhíorúil chun críocha oideolaíocha;

64. Léiriú a thabhairt ar an ngá atá le héiceachóras iomlánaíoch, comhtháite agus inbhuanaithe don oideachas digiteach sna Ballstáit, éiceachóras lena gcuirtear an cháilíocht agus an cuimsiú chun cinn agus lena gcothaítear an dea-bhail san oideachas digiteach i gcur chun feidhme leanúnach an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027) agus na tograí atá le teacht le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis na tosca cumasúcháin don oideachas digiteach agus le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

DOICIMÉID CÚLRA

**An Chomhairle Eorpach**

- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 14 Nollaig 2017 (EUCO 19/1/17 REV 1).

**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

- Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh (10024/22).
- Moladh ón gComhairle maidir le cineálacha cur chuige foghlama cumaiscthe i gcomhair bunoideachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta (IO C 504, 14.12.2021, lch. 21).
- Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).
- Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromas agus cuimsiú san oideachas agus san oiliúint chun rath san oideachas a chur chun cinn do chách (IO C 221, 10.6.2021, lch. 3).
- Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030)] (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).
- Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht (IO C 417, 2.12.2020, lch 1).
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an oideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa (IO C 415, 1.12.2020, lch. 22).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas agus san oiliúint (IO C 212 I, 26.6.2020, lch. 9).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí Eorpacha don todhchaí IO C 193, 9.6.2020, lch. 11).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile] (IO C 400, 26.11.2019, lch. 9.

- Rún ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le córais oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an todhchaí (IO C 389, 18.11.2019, lch. 1).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais (IO C 195, 7.6.2018, lch. 7).

- Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1).

**Dearbhuithe**

- Dearbhú Osnabrück maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chumasóir téarnaimh agus aistrithe córa chuig geilleagar digiteach agus geilleagar glas (an 30 Samhain 2020).

**An Coimisiún Eorpach**

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *A Digital Decade for children and youth: the new European strategy for a better internet for kids (BIK+)* [An deacáid dhigiteach i gcomhair na leanaí agus na hóige: an Straitéis Eorpach nua i dtaca le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí) (BIK+)](COM(2022) 212 final).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *The European Pillar of Social Rights Action Plan* [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (COM(2021)102 final).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis 2021-2030 um Chearta Daoine faoi Mhíchumas] (COM(2021) 101 final).

- *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on achieving the European Education Area by 2025* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025] (COM(2020) 625 final).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Digital Education Action Plan 2021-2027 – Resetting education and training for the digital age* [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – Oideachas agus oiliúint a athshocrú don ré dhigiteach] (COM(2020) 624 final).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience* [Clár Oibre Eorpach do Scileanna i gcomhair iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht] (COM(2020) 274 final).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025], (COM(2020) 152 final).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Strengthening European Identity through Education and Culture: The European Commission's contribution to the Leaders' meeting in Gothenburg, 17 November 2017* [an Fhéiniúlacht Eorpach a Neartú trí Oideachas agus Cultúr: Ionchur an Choimisiúin Eorpaigh ag an gcruinniú a bhí ag Ceannairí an Aontais in Göteborg, an 17 Samhain 2017] (COM(2017) 673 final).

**Gníomhartha idirinstitiúideacha**

- An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10).

**Staidéir**

- Vuorikari, R., Kluzer, S. agus Punie, Y., *DigComp 2.2: The Digital Competence Framework for Citizens - With new examples of knowledge, skills and attitudes*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022.

- Weber, H., Elsner, A., Wolf, D., Rohs, M., agus Turner-Cmuchal, M. (eds.), *Inclusive Digital Education*, an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Cuimsitheach, Odense, 2022.

- An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, *Education and training monitor 2021: education and well-being*, 2021 [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2021: an t-oideachas agus an dea-bhail, 2021].

- Panesi, S., Bocconi, S. agus Ferlino, L., *Promoting Students' Well-Being and Inclusion in Schools Through Digital Technologies: Perceptions of Students, Teachers, and School Leaders in Italy Expressed Through SELFIE Piloting Activities*, Frontiers in Psychology, 2020).

- Punie, Y., eagarthóir(í), Redecker, C., *European Framework for the Digital Competence of Educators:* DigCompEdu, [An Creat Eorpach um Inniúlachtaí Digiteacha na nOideachasóirí: DigCompEdu] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2017.

- Viac, C. agus Fraser, P., *Teachers' well-being: A framework for data collection and analysis*, OECD Education Working Paper No. 213, OECD Publishing, Páras, 2020.

- An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, *Ethics guidelines for trustworthy AI* [Treoirlínte Eitice le haghaidh Intleacht Shaorga iontaofa], Oifig na bhFoilseachán, 2019.

- Richardson, J., Milovidov, E., *Digital citizenship education handbook: being online, well-being online, rights online*, Comhairle na hEorpa, 2019.

- ECFE, *How's Life in the Digital Age?: Opportunities and Risks of the Digital Transformation for People's Well-being*, OECD Publishing, Páras, 2019.

- Burns, T., Gottschalk, F. (eagarthóirí.), *Educating 21st Century Children: Emotional Well-being in the Digital Age, Educational Research and Innovation*, OECD Publishing, Páras, 2019.

- *Risks Faced by Children Online and Policies to Protect Them*, Páipéir ECFE um an nGeilleagar Digiteach, Uimh. 179, OECD Publishing, Páras, 2011.